

## RANG 1: AN CHOPAIL 'IS'

### 1.1 Mise agus an chopail

#### Aidhm

Seans a thabhairt do na foghlaimeoirí a machnamh a dhéanamh maidir leis an gcopail 'is'.

#### Treoracha

- Lig don rang na ceisteanna 1–5 a phlé ina measc féin. Is féidir le beirteanna an ceistneoir a chur ar a chéile nó plé níos oscailte a bheith ag an rang uile.
- Fiafraigh díobh an bhfuil gnéithe eile den chopail a mbíonn deacrachtaí acu leo.
- Tríd is tríd, an bhfuil an rang muiníneach nó mímhúiníneach maidir le húsáid na copail?

### 1.2 An abairt aicme

#### Aidhm

Sainmhíniú ar cad is abairt aicme ann. Abairtí samplacha agus roinnt nótaí breise.

#### Treoracha

Léigh na nótaí agus déan cinnte go dtuigeann na foghlaimeoirí a bhfuil i gceist leis an téarma gramadaí 'abairt aicme'.

### 1.3 Bain triail as

#### Aidhm

Seans a thabhairt do na foghlaimeoirí abairtí aicme dá gcuid féin a chumadh.

#### Treoracha

- Leag síos teorainn ama a shíleann tú a bheith oiriúnach agus lig do na foghlaimeoirí a gcuid abairtí a chumadh.
- Is féidir ligean dóibh a bheith ag obair ina mbeirteanna nó i ngrúpaí níos mó.
- Pléigh na habairtí. Ceartaigh mar is gá iad.
- Iarr orthu abairtí dearfacha a athscríobh leis an bhfoirm dhiúltach 'ní' nó leis na ceisteanna 'an' agus 'nach'.

### 1.4 Ainmní agus faisnéis

#### Aidhm

Léargas níos iomláine ar an abairt aicme, idir fhaisnéis agus ainmní.

#### Treoracha

Léigh na nótaí agus déan cinnte de go dtuigeann na foghlaimeoirí a bhfuil i gceist leis na téarmaí gramadaí 'faisnéis' agus 'ainmní'.

### 1.5 Aistrigh leat

Deis a thabhairt do na foghlaimeoirí abairtí aicme a chur ar fáil i nGaeilge.

#### Treoracha

- Leag síos teorainn ama a shíleann tú a bheith oiriúnach agus lig do na foghlaimeoirí na habairtí a aistriú.
- Is féidir ligean dóibh a bheith ag obair ina mbeirteanna nó i ngrúpaí níos mó.
- Pléigh na habairtí. Ceartaigh mar is gá iad.

#### Freagraí

1. Is cheoltóir traidisiúnta (í) Brídín.
2. Ní cathair shaor (é) Páras.
3. Is scannal amach is amach (é) an scéal seo!
4. Is duine saghas deacair (é/í) an bainisteoir.
5. Is peileadóir breá (é/í) captaen na foirne.
6. An cainteoir dúchais (é/i) do mhúinteoir?
7. Is bréag gach rud a dúirt sé.
8. Nach seomra beag (é) Seomra 9?

### 1.6 Mínigh féin é

#### Aidhm

Na foghlaimeoirí a chur i mbun taighde ar an ngramadach.

#### Treoracha

Moltar go dtabharfadh na foghlaimeoirí faoin tasc seo taobh amuigh den rang agus toradh a gcuid oibre a phlé sa chéad rang eile.

#### Freagraí

**Helen/Cluain Meala:** Is ainm dílis gach focal díobh seo, is é sin ainm duine nó áite.

**na bóithre seo/an Príomhoide** Is amhlaidh atá an t-alt ('an' agus 'na') leis na hainmfhocail seo. Dá bhrí sin, is ainmfhocail chinnte iad.

**fear an tí seo** Tá 'fear' ina ainmfhocal cinnte toisc go bhfuil ainmfhocal cinnte ar a lorg. Samplaí eile: *fear Thír Eoghain; fear céile Aoife; fear an bháid* srl.

**do bhean chéile** Tá 'bean chéile' ina ainmfhocal cinnte toisc an aidiacht shealbhach a bheith leis (*mo, do, a, ár, bhur*)

**gach duine** Ainmfhocail chinnte a leanann 'gach', 'gach aon', 'gach uile'.

**rang a ceathair** Tá 'rang' ina ainmfhocal cinnte toisc é a bheith faoi réir ag 'a ceathair'. Seo tuilleadh samplaí as *Gramadach na Gaeilge: an Caighdeán Oifigiúil: Cuid III, riail a sé, Bus 16, mír (b)*.